National University of Ireland, Galway
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Foghlaim Seirbhíse san Altranas & sa Chnáimhseachas

Tá raon modúl foghlaim seirbhíse ar fáil in OÉ Gaillimh trínar féidir le mic léinn tabhairt faoi ghníomhaíocht chreidiúnaithe a bhaineann leis an ábhar staidéir atá roghnaithe acu, mar aon le gníomhaíocht a théann chun tairbhe an phobail..

Comhthéacs Teagaisc

Ábhar	Altranas
Rionn	Scoil an Altranais & an Chnáimhseachais
Rannpháirtithe	Mic léinn 2ú Bliain
Oideolaíocht	Foghlaim seirbhíse / foghlaim pobalbhunaithe
Modh	Ullmhúchán ranga ar dtús agus ansin obair i gcomhthéacs cultúrtha difriúil
Rannpháirtithe	Suas le 30 mac léinn
Uaireanta	Modúl 30 uair agus ansin 4-6 seachtaine i suíomh náisiúnta nó idirnáisiúnta pobail.
Creidiúintí	6 ECTS
Bunábhair	Léachtaí, seimineáir agus ceardlanna.
Measúnacht	Tuairisc scríofa 3,000 focal ar an taithí foghlaim seirbhíse. Láithreoireacht 20 nóiméad ar an taithí do phiaraí agus do léachtóirí. Measúnacht ar an bpróiseas pleanála a bhí i gceist leis an socrúchán foghlaim seirbhíse a bhunú.
Fad	Ábhar teoiriciúil curtha ar fáil thar sheimeastar amháin agus bíonn an socrúchán foghlaim seirbhíse ar siúl i rith an tsamhraidh
Comhpháirtithe Pobail	Ranchoid Hospice, Kabwe, Zambia Ortum Mission Hospital, Ortumn Kenya, Our Lady's Hospice Lusaka Zambia
Roghnach/ Éigeantach	Roghnach
Bliain Tosaithe an Mhodúil	2003/2004

Réamhrá

Cuireann foghlaim seirbhíse ar chumas mac léinn naisc dháiríre a chruthú idir teoiric sa seomra ranga agus an saol dáiríre (Callister & Hobbins-Garbett, 2000). Chomh maith leis sin, ciallaíonn sé gur féidir seirbhís riachtanach a sholáthar don phobal agus ag an am céanna go bhfoghlaimíonn mic léinn conas coincheapa a foghlaimíodh sa seomra ranga a chur i bhfeidhm sa saol dáiríre (Eyler & Giles 1999).

Foghlaim Seirbhíse san Altranas

Sa mhodúl seo, an chéad mhodúl dá leithéid i gcúrsaí Altranais in Éirinn dar teideal "*International Nursing: Nursing in the Developed and Developing Worlds*", éilítear ar mhic léinn tabhairt faoi shocrúchán foghlaim seirbhíse i gcultúr éagsúil lena gcultúr féin. Leagtar an bhéim sa mhodúl seo ar chumas mac léinn tuiscint a fháil agus a fhorbairt ar a bhfuil i gceist le hilchineálacht chultúrtha; tuiscint a fháil ar dhifríochtaí cultúrtha agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige seo ar shláinte / ar chúram altranais agus tuiscint a fhorbairt ar fheasacht agus ar fhreagracht shóisialta.

Bonn Acadúil

Modúl roghnach é seo a mbaineann 6 ECTS leis. Sa dara seimeastar cuirtear an t-ábhar teoiriciúil os comhair na mac léinn, an dara bliain den Chéim Bhaitsileára in Eolaíocht Altranais. I measc na dtopaicí a chlúdaítear tá; Cultúr agus Creidiúintí Sláinte; Altranas Traschultúrtha & Measúnú Cliant ó chultúir dhifriúla; cumarsáid a dhéanamh le cliaint ó chultúir dhifriúla; Déileáil le coinbhleacht agus athruithe coinbhleachta; Sláinte agus Cearta an Duine agus Sláinte Phearsanta agus Ceisteanna Sábháilteachta.

D'fhonn a chinntiú go mbíonn na mic léinn uile ullmhaithe go hiomlán reáchtáiltear seisiún eolais ag tús na chéad bhliana chun mic léinn a chur ar an eolas faoin modúl. Tarraingítear aird ag an tráth seo freisin ar an tábhacht a bhaineann le foinsí maoiniúcháin a aimsiú agus na réimsí ina bhféadfaí socrúcháin oibre a fháil. Ag tús na dara bliana, i ndiaidh seisiún eolais chun léargas a thabhairt ar shonraí an mhodúil agus an tsocrúcháin foghlaim seirbhíse, tugtar 4 seachtaine do mhic léinn cinneadh a dhéanamh an mian leo leanúint leis an modúl.

Príomhthoradh foghlama don mhodúl seo is ea go léiríonn mic léinn go bhfuil ar a gcumas socrúchán in ionad pobail a thionscnamh, a idirbheartú agus a fháil i dtimpeallacht atá éagsúil lena dtimpeallacht chultúrtha féin. Dá bhrí sin, cé go gcuirfidh foireann an mhodúil comhairle ar mhic léinn, táthar ag súil go léireoidh na mic léinn treallús agus tionscnamh maidir leis an gcéad chéim a thógáil. Is é an ról atá ag an teagmhálaí tacaíocht chairdiúil a thabhairt don mhic léinn. Éilítear ar mhic léinn litreacha réamheolais a scríobh, idirbheartaíocht a dhéanamh i ndáil lena gcóiríocht féin agus fianaise a sholáthar i rith an phróisis phleanála gur mheas agus gur dhéileáil siad go héifeachtach leis na ceisteanna tábhachtacha sláinte agus sábháilteachta ar fad.

Bíonn teagmháil leanúnach ag na mic léinn leis an Scoil le linn dóibh a bheith ar shocrúcháin sa phobal trí thimpeallacht fhíorúil foghlama (Blackboard).

Éilítear ar mhic léinn a chláraíonn don mhodúl seo:

- insint do cheannaire an mhodúil faoi thinneas ainsealach pearsanta;
- foirm a shíniú a dhéanann cur síos ar fhreagracht phearsanta as sláinte agus sábháilteacht i rith an tsocrúcháin oibre;
- cruthúnas ar árachas dliteanais;
- scrúdú dochtúra roimh agus i ndiaidh an tsocrúcháin a dhéanamh de réir mar is cuí;
- fianaise a thabhairt go bhfuarthas na himdhíontaí riachtanacha;
- freastal ar sheisiún faisnéisithe i ndiaidh an tsocrúcháin foghlaim seirbhíse.

Is é an dara aidhm a bhaineann leis an modúl gaolmhaireachtaí cómhalartacha a fhorbairt leis na suímh foghlaim seirbhíse agus cabhrú cur lena gcumas agus naisc leanúnacha a chruthú trí oibriú i dteannta a chéile chun réimsí a aithint a bhféadfadh an Scoil cabhrú leo – clár oideachais a fhorbairt nó tabhairt faoi phíosa taighde a chabhródh leis an bpobal a riachtanais a chomhlíonadh.

Réamhra

Measúnacht

Tá measúnacht an chúrsa seo bunaithe go hiomlán ar obair chúrsa. Aithníonn Taylor (1994) agus Duffy (2001) machnamh mar phríomhstraitéis chun íogaireacht idirchultúrtha a fhorbairt. Bunaithe air seo, iarrtar ar mhic léinn tuairisc a scríobh a léiríonn go bhfuil féinmhachnamh déanta mar aon le cur síos déanta ar an bpróiseas pleanála, timpeallacht an tsocrúcháin chleachtais agus cuntas ar struchtúr sochpholaitiúil an chórais chúraim shláinte atá ag feidhmiú sa chultúr sin. Lena chois sin, iarrtar ar mhic léinn nuair a fhilleann siad láithreoireacht ghairid 20 nóiméad a thabhairt faoina dtaithí dá bpiaraí agus dá léachtóirí. D'fhonn na dtuairiscí a scríobh, moltar do mhic léinn dialann mhachnamhach a choinneáil chun taithí le cliaint agus gairmithe cúraim shláinte eile a thaifeadadh. Mar chomhartha aitheantais ar an méid obair fholaithe atá i gceist leis na socrúcháin phobail a eagrú, bronntar marcanna ar na mic léinn ina leith seo freisin.

Tairbhe do Mhic Léinn

Soláthraíonn Foghlaim Seirbhíse san Altranas deis do mhic léinn cur lena dtuiscint ar ilchineálacht chultúrtha agus conas is féidir leis seo tionchar a imirt ar shláinte mar aon le feasacht shóisialta agus freagracht shóisialta a chothú. Is léir ón measúnacht atá déanta go bhfuil dearcadh dearfach ag mic léinn i leith an mhodúil seo. Ina theannta sin, tugtar cuireadh do mhic léinn páirt a ghlacadh i staidéar cáilíochtúil leanúnach taighde; staidéar a bhfuil sé mar aidhm leis iniúchadh a dhéanamh ar thaithí foghlama na mac léinn a thugann faoi shocrúchán seirbhíse i gcultúr difriúil. Is léir ó thorthaí an staidéir seo go dtagann forbairt phearsanta agus ghairmiúil ar mhic léinn a dhéanann an modúl seo, agus go dtugann siad eolas, scileanna agus tuiscintí ríthábhachtacha ar ais go córas sláinte na hÉireann.

Tairbhe don Phobal

Mhaoinigh Tionscnamh Eolais Phobail (CKI) in OÉ Gaillimh turas anailís riachtanas chun na hAfraice in 2006 le hanailís riachtanas a dhéanamh in ionaid socrúcháin sa tSaimbia agus sa Chéinia. Is é a bhí mar bhonn leis na cuairteanna seo feiliúnacht ionad a aimsiú agus a chinntiú go raibh gaolmhaireacht chómhalartach idir OÉ Gaillimh agus an pobal. Tugann na haltraí an t-airgead a bhailíonn siad in Éirinn chomh fada leis an bpobal, ach mheas Scoil an Altranais & an Chnáimhseachais nach leor an méid seo agus gur cheart gurb é riachtanais na n-ionad seachas na mac léinn a chuirfeadh forbairtí chun cinn. Dá bhrí sin, trí anailís riachtanas a dhéanamh aithníodh na príomhthosaíochtaí a bhí ag gach ionad. Príomhthosaíocht do chomhpháirtithe pobail áirithe ba ea an gá a bhí le cúnamh le bainistiú péine i gcúram maolaitheach. I láthair na huaire tá Scoil an Altranais & an Chnáimhseachais ag obair le comhpháirtí pobail amháin chun clár a fhorbairt a fheileann dá riachtanais agus i mí Iúil 2008 taistealóidh comhalta foirne agus Altra Cláraithe Ginearálta (a rinne a socrúchán oibre ag an ionad seo nuair a bhí sí féin ina mac léinn altranais) chun na hAfraice le hoibriú le comhpháirtithe chun clár a chruthú ar bhonn píolótach agus clár inbhuanaithe a chur i bhfeidhm.

Dearcadh Acadúil

Le linn don Dr Dympna Casey ó Scoil an Altranais & an Chnáimhseachais in OÉ Gaillimh a bheith ag labhairt faoi chomh maith is a d'éirigh leis an modúl foghlaim seirbhíse dúirt sí gur "deis iontach é seo do mhic léinn altranais, deis a cheadaíonn dóibh tuiscint a fháil ar ilchineálacht chultúrtha mar aon le tuiscint a fháil ar dhifríochtaí cultúrtha agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige seo ar shláinte agus ar sheachadadh cúraim. Tugann mic léinn le fios gur athraigh an taithí foghlama a ndearcadh gairmiúil sa mhéid is go bhfuil tuiscint níos fearr acu ar ghrúpaí difriúla cultúrtha agus eitneacha agus gur mó seans atá ann anois go mbeidh baint acu le cliaint den sórt seo agus go mbeidh tuiscint acu ar a bhfuil i gceist le grúpa mionlaigh i gcultúr difriúil. Ar bhonn pearsanta, thuairscigh na mic léinn ar fad go mothaíonn siad níos aibí, níos neamhspleáiche agus níos muiníní as a scileanna altranais. I láthair na huaire táimid ag obair le hionaid foghlaim seirbhíse le cabhrú leo leis na riachtanais atá aitheanta acu. Lena chois sin, táimid ag cabhrú le hionad amháin páinéil ghrianchumhachta a fháil. Meastar go mbunófar malairtí foirne-mac léinn freisin de réir mar a bhunófar gaolmhaireachtaí níos fearr"